**Aistriúchán ar an tras-scríbhinn físe. Foghlaim trí ghníomhú, le díograis**

Is mise Timo agus is as an bhFrainc dom. I mí na Samhna 2018, chuala mé den chéad uair faoin díolúine ó cháin ar bhreoslaí eitlíochta, is é sin ar cheirisín. An t-am sin, bhí na "gilets jaunes" i mbun feachtasaíochta sa Fhrainc in aghaidh méadú ar cháin ar bhreoslaí gluaisteán, agus a bhuí leis an éirí amach sin, bheartaigh mé tús a chur le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

In institiúidí Eorpacha na Bruiséile, ní raibh cáin ar cheirisín in áit tosaíochta ar an gclár oibre. Dá bhrí sin, chinneamar an tionscnamh sin a sheoladh chun a chinntiú go mbeadh na hinstitiúidí Eorpacha, Feisirí Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus gach duine sa Bhruiséil agus níos faide i gcéin sna príomhchathracha náisiúnta ar an eolas faoi mian na saoránach Eorpach taraifí cothroma a ghearradh ar thruailliú eitlíochta.

Tar éis dúinn sé mhí a chaitheamh i mbun feachtasaíochta agus níos mó ná 60,000 síniú a bhailiú, fuaireamar amach go luath i mí na Nollag go raibh ár dtogra maidir le cáin a ghearradh ar bhreoslaí eitlíochta á ghlacadh ag an gCoimisiún Eorpach agus go raibh sé le cur leis an gComhaontú Glas.

Nuair a d'fhógair an Coimisiún Eorpach go mbeadh ár dtogra mar chuid den Chomhaontú Glas, bhí faoiseamh orainn agus bhí áthas an domhain orainn freisin. Bhí nach mór bliain iomlán caite againn i mbun feachtasaíochta, i mbun ullmhúcháin, ag obair go crua nuair a bhí am saor againn, ach b'fhiú na hiarrachtaí toisc go raibh rud éigin bainte amach againn, agus bhíomar bródúil as sin. Mar shaoránaigh den Aontas, is minic a mhothaímid nach dtugann polaiteoirí, idir náisiúnta agus áitiúla, ná lucht déanta cinntí na hEorpa éisteacht dúinn ach is uirlis iontach é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh chun a chinntiú go dtugtar éisteacht do ghuth na saoránach Eorpach ar fud na hEorpa.

Ba é buaicphointe an fheachtais, dar liom, nuair a thug rialtas na hÍsiltíre cuireadh dúinn chun na Háige le freastal ar imeacht idir-rialtasach mór le rá chun labhairt faoi cháin eitlíochta. Ba mhór an onóir dúinn é toisc nár tugadh cuireadh riamh cheana d'eagraíocht neamhrialtasach agus is éard a léirigh an cuireadh go dtugann polaiteoirí agus lucht déanta cinntí aird ar leith ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

Ba chrá croí ceart é na scórtha ríomhphost a sheoladh in aghaidh an lae agus iarracht á dhéanamh againn comhpháirtithe a aimsiú, sin nó iarradh ar dhaoine cáiliúla, ar iriseoirí nó ar pholaiteoirí an achainí a roinnt. Is fíor-annamh a tháinig siad ar ais chugainn. Anois agus mé ag obair mé féin áfach, tuigim líon na ríomhphost a thagann isteach gach lá agus tuigim go rímhaith an fáth nach dtugann daoine freagra ar na ríomhphoist sin. Ná bíodh drogall ort riamh teagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine ar an bhfón agus iad a chrá!

Is mise Sandro, táim 22 bhliain d'aois agus is as an nGearmáin dom. Is éard a chuir an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus an t-aistear tríd an bpróiseas trí chéile ar fáil dom an iliomad deiseanna chun cur le mo chuid eolais. An tráth céanna, d'fhorbair mé scileanna, fuair mé go leor taithí ar chúrsaí margaíochta, conas tairbhe a bhaint as deiseanna agus

brústocaireacht agus líonrú a dhéanamh i measc eagraíochtaí ag a bhfuil na luachanna céanna.

Ba é an chuid ba dheacra le sárú teacht aníos le feachtas uile-Eorpach ar an gcéad dul síos. Is mic léinn sinn agus níl mórán taithí againn sa réimse. San am céanna áfach, chuir mé an-spéis ann ó tharla go raibh an deis agam cuid den mhéid a bhí foghlamtha agam ó mo chúrsaí margaíochta a úsáid agus forbairt phearsanta a dhéanamh.

Is é bun agus barr an scéil gur féidir le duine ar bith tús a chur le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. I mo chás féin, ní raibh tuairim dá laghad agam faoi chúrsaí polaitíochta ná an ionstraim sular thug mé faoi. Is mic léinn sinn ach fós féin, chuir an Coimisiún Eorpach spéis inár dtogra agus cuireadh leis an gComhaontú Glas é

Le linn an fheachtais, ba é an cúram a bhí orm dul i dteagmháil le polaiteoirí, comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus taighde a dhéanamh orthu uile le féachaint cé na polaiteoirí agus na heagraíochtaí a bheadh feiliúnach dúinn mar chomhpháirtithe. B'éigean dúinn díriú freisin ar chomhphobal Eorpach a thógáil ar na meáin shóisialta i ngeall go bhfuil sínithe ag teastáil ó gach cearn den Eoraip, faoi mar is eol duit.

Ba é an chuid ab fhearr an fhreagracht ollmhór a ghlacadh as tionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, mar aon le togra beartais. Nuair a chuireamar tús leis an tionscnamh, b'éigean dúinn freastal ar chomhdhálacha, rud nach ndearna mé riamh cheana. Bhí orainn dul sa tóir ar ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus polaiteoirí agus caidreamh a chothú leo. Mar a dúirt mé, is mic léinn sinn agus bheadh sé dodhéanta an sprioc seo a bhaint amach sinn féin. Dá bhrí sin, mheas mé go raibh sé an-spéisiúil agus taitneamhach comhpháirtíochtaí a fhorbairt le daoine a bhfuil an saineolas acu faoin ábhar.

Ba é an chuid ba dheacra, nó an chuid ba strusmhaire, an chothromaíocht cheart a aimsiú idir na freagrachtaí a bhí orm mar mhac léinn ollscoile agus freisin i mo cháil mar chomhthionscnóir tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh agus feachtais uile-Eorpaigh. Freisin toisc gur mic léinn sinn agus ó tharla gur chuireamar tús leis an iarracht seo gan mórán machnaimh a dhéanamh air, is fíorbheag an maoiniú a bhí againn agus b'éigean dúinn ár gcostais féin a chlúdach; é sin ráite, ní raibh aon eolas agam faoi Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ag an am. Is fóram é a chuireann comhairle iontach ar fáil do dhaoine díreach cosúil linne, ar bheagán taithí, maidir le conas maoiniú a fháil.

Níor thuig mo chairde i gceart an dua a bhaineann le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ná le feachtas uile-Eorpach a reáchtáil. Tuigeann siad an géarghá atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar son na haeráide,
ach ní raibh nós imeachta an Tionscnamh Eorpaigh ó na Saoránaigh trí chéile soiléir dóibh toisc
nach bhfuil aon bhaint acu le gnóthaí Eorpacha. Ach is éard a theastaigh uaim a chur ar a súile dóibh nach
rud casta é. Ní gá duit ach cúpla rud bunúsach a fhoghlaim faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an ionstraim, ansin teacht ar bheartas nó ar fhadhb nó ar rud is ábhar imní do go leor

saoránach ar fud na hEorpa. An t-ábhar imní sin, ba cheart go mbeifí in ann tionscnamh a dhéanamh de agus ní mór duit creidiúint go láidir ann.

Duine ar bith a fheiceann fadhb nó a gcuireann rud éigin imní orthu, ar rud é a mbíonn go leor saoránach Eorpach ag tabhairt aghaidh air, mholfainn dóibh gan an dara smaoineamh a dhéanamh agus beart a dhéanamh de réir briathair. Sa deireadh thiar, ní fhoghlaimítear ach trí ghníomhú agus is rud é sin a d'fhoghlaimíomar féin. Is fíorbheagán taithí a bhí againn sa réimse seo, i gcúrsaí polaitíochta i gcoitinne ná sa phróiseas ceaptha beartas, agus is rudaí iad sin ar fad is féidir a fhoghlaim agus tú ag dul tríd an bpróiseas.

Is é an rud is mó is mian liom a chur i dtábhacht: má tá smaoineamh agat maidir le todhchaí na hEorpa a mhúnlú nó fadhb a réiteach, ná bíodh drogall ar bith ort tús a chur le do thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh féin.

Níl sé éasca i gcónaí tionscnamh a sheoladh. Is próiseas fada fadálach é agus is uafásach strusmhar an próiseas é in amanna. Ach is é an rud is tábhachtaí ar fad gan géilleadh riamh!

Ná géill riamh! Bíodh muinín agat as an togra agus creid ann i gcónaí. Murach sin, is é is dóichí go gcaithfidh tú in aer é ag pointe éigin. Déan cinnte go bhfuil tú an-tógtha leis an togra agus go gcreideann tú go láidir ann. Agus arís eile... ná géill riamh!